

eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEOR I NDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

**Náiscoil Cholmcille an Charraig Mhór
An Ómaigh**

Dáta na Cigireachta: Feabhra 2009

FAISNÉIS STAITISTIÚIL

Ainm an Ionaid Réamhscoile:	Naíscóil Cholmcille an Charraig Mhór
Seoladh:	f/ch Bhunscoil Naomh Colmcille 2 Bóthar Bhaile na Creige An Charraig Mhór AN ÓMAIGH Co Thír Eoghain BT79 9BE
Cineál Bainistíochta:	Deonach

Dáta na Cigireachta:	17 Feabhra 2009
Dáta na Cigireachta roimhe sin:	9 Deireadh Fómhair 2002

1. Sonraí faoi na Páistí

Líon iomlán na bpáistí:	seisiún am	seisiún pm
• atá ag freastal ar an ionad réamhscoile	10	-
• atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile	6	-
• atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais	6	-
• atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais	0	-
• a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu	0	-
• nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile	0	-
• a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu	0	-
• a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil	0	-
Tinreamh:		
• tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán*	92%	-

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

2. Sonraí faoin Fhoireann

Líon:	Lánaimseartha	Páirtaimseartha
Baill foirne agus an ceannaire san áireamh	0	1
Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu	0	1
Ceapacháin nua le 12 mhí anuas	0	0

Líon: **	
Mic léinn	0
Oiliúnaithe	0

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

3. Sonraí faoi Sheisiún

Fad ama sheisiún na maidine	Fad ama sheisiún an tráthnóna	Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe
2½ huaire an chloig	-	190

4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:	6
Céatadán acu a cuireadh ar ais:	100%
Líon na dtuairimí scríofa:	3

NAÍScoil CHOLMCILLE, AN CHARRAIG MHÓR, AN ÓMAIGH, CO THÍR EOGHAIN, BT79 9BE (2BB-0345)

1. Tá Naíscoil Cholmcille, an Charraig Mhór, lonnaithe i bhfoirgneamh saintógtha ar chuid tailte Bhunscoil Naomh Colmcille. Is ón cheantar tuaithe máguaird a thagann na páistí a fhreastalaíonn ar an Naíscoil. Tá an ceannaire ann ó bhí an chigireacht dheireanach ann in 2002 agus tá cuid mhór déanta aici leis an soláthar oideachais a fhorbairt. Téann an líon ar rolla suas agus síos ó bhliain go bliain; faoi láthair tá deichniúr páistí ag freastal ar an Naíscoil agus tá ceathrar acu sa bhliain roimh an bhliain dheireanach réamhscoile. Tá áit súgartha bheag dhaingean ag an Naíscoil amuigh faoin spéir a úsáideann an t-aonad náiscolaíochta chomh maith.

2. Mar chuid de na socruithe don chigireacht ar thréadchúram agus ar chosaint páistí tugadh deis do na tuismitheoirí, don ghrúpa bainistíochta agus don fhoireann ceistneoir faoi rún a chomhlánú roimh an chigireacht. D'fhreagair na tuismitheoirí uile an ceistneoir agus scríobh triúr acu tuairimí breise. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí ó na tuismitheoirí go raibh siad thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais agus is mór ag na daoine a d'fhreagair a charthanaí agus a ghairmiúla atá an fhoireann. Chomhlánaigh seachtar den ghrúpa bainistíochta agus beirt den fhoireann ceistneoirí agus is é an tuairim a nochtadh iontu go raibh fiúntas mór i ngach gné d'obair na Naíscoile. Cuireadh na fhreagairtí do na ceistneoirí uile sa chuntas mar chuid den chigireacht agus cuireadh in iúl don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta iad.

3. Tá caighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim maith. Is dream carthanach an fhoireann agus is maith a oibríonn siad mar mheitheal; léiríonn siad gur mór a ndílseacht do leas na bpáistí.

4. Tá socruithe sásúla ag an Naíscoil leis na páistí a choinneáil sábháilte. Cloíonn an Naíscoil le polasaithe agus le modhanna oibre na Bunscoile. Léirítear sna socruithe sin go ginearálta an treoir a d'eisigh an Roinn ábhartha ach caithfear freastal a dhéanamh ar an mhionréimse seo a leanas:

- cód iompraíochta scríofa a fhorbairt don fhoireann ina gcuid oibre leis na páistí ó lá go lá agus cloí leis.

5. Cuireann an fhoireann béim an-mhór ar mhodhanna le nósanna sláintiúla itheacháin agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, agus tá polasaithe agus cláir éifeachtacha ann chun páistí a spreagadh le stíl bheatha sláintiúil a bheith acu.

6. Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an Naíscoil:

- Tá an timpeallacht foghlama geal tarraingteach agus baintear úsáid mhaith as an spás atá ar fáil le réimse leathan gníomhaíochtaí a sholáthar a bhfuil neart acmhainní ann lena n-aghaidh. Lena chois sin, baintear úsáid mhaith as obair na bpáistí féin, as taispeántais agus as áiteanna sainspéise le timpeallacht foghlama spreagthach a chruthú.

- Agus iad i mbun féinmheastóireachta agus ag úsáid ceistneoirí oiriúnacha le riachtanais na dtuismitheoirí a iniúchadh, leanann an fhoireann de bheith ag forbairt caidrimh táirgiúil eatarthu féin chun feabhas a chur ar theagasc na Gaeilge agus ar an oideachas a sholáthraítear. Úsáideann an fhoireann leabhair topaicí, nuachtlitreacha míosúla agus cruinnithe rialta go héifeachtach chun eolas a thabhairt ar an churaclam, ar an Ghaeilge agus ar obair na Naíscoile.
- Bíonn caighdeán an chaidrimh agus na hidirghníomhaíochta idir an fhoireann agus na páistí an-ard. Spreagann an fhoireann na páistí le nithe a roinnt eatarthu féin agus bheith dea-mhúinte, agus cuireann siad polasaí na Naíscoile ar bhainistiú iompair i bhfeidhm go héifeachtach. Dá bharr sin bíonn na páistí socruithe go maith agus iad ag comhoibriú go réidh leis an fhoireann.
- Is eiseamláir mhaith í an ceannaire le leanúint agus í ag úsáid na Gaeilge, agus leagann sí síos caighdeán ard i ngach gné d'obair na Naíscoile; úsáideann sí ceisteanna oscailte le suim na bpáistí a bhuanú sna gníomhaíochtaí atá roghnaithe acu. Bíonn cur chuige sciliúil ag an fhoireann agus iad ag cur na Gaeilge chun cinn agus ag soláthar deiseanna nádúrtha foghlama do na páistí trí imeachtaí súgartha agus trí ghnáthaimh éagsúla, agus freagraíonn cuid mhór de na daltaí go cuí don fhoireann agus iad ag léiriú go bhfuil tuiscint mhaith ar an Ghaeilge acu.
- Tá obair chrua déanta ag an fhoireann le clár cuí pleanáilte a fhorbairt agus le riachtanais na bpáistí agus na nithe a bhfuil suim acu iontu a chur san áireamh. Úsáidtear téamaí oiriúnacha le héagsúlacht a thabhairt do pháistí sna ábhair a bheas siad a fhoghlaim i rith na bliana. Léiríonn na páistí go mbaineann siad sult as bheith ag foghlaim agus tá ag eirí go maith leo.
- Aistríonn formhór na bpáistí chuig an aonad Lán-Ghaeilge san bhunscoil; tá naisc luachmhara cruthaithe idir an Naíscoil agus an bhunscoil taobh léi. Bíonn fhoireann na Naíscoile i dteagmháil le múinteoir bhliain 1 an aonaid Lán-Ghaeilge lena chinntiú go n-aistroidh na páistí gan stró isteach sa bhunscoil.

7. Tá an fhoireann i ndiaidh féinmheastóireacht a úsáid go héifeachtach le réimsí le haghaidh feabhsú a aimsiú, le tús áite a thabhairt dóibh agus leis na feabhsúcháin sin a chur i gcrích, go háirithe agus iad ag pleanáil le haghaidh foghlama agus ag measúnú na foghlama. Is mar mheitheal éifeachtach a oibríonn an fhoireann agus an saineolaí oideachais luath-óige le chéile. Tá obair mhór déanta ag an saineolaí oideachais luath-óige i bhforbairt fhoriomlán an tsoláthair sa Naíscoil. Bíonn an tacaíocht a thugtar dírithe go maith ar nithe cuí, agus, go háirithe, ar na réimsí sin a aimsíodh mar réimsí a bhfuil feabhsú le déanamh orthu agus ar na pleananna gníomhaíochta gaolmhara le sin a chur i gcrích.

8. Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa Naíscoil seo an-mhaith. Tá an Naíscoil ag freastal go han-éifeachtach ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bpáistí agus tá sé léirithe aici go bhfuil an cumas inti cloí le féinfheabhsú go buan.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk